



Eleathanach 411



Dé Luain, an 9 Bealtaine 2022

Katie Taylor

An deireadh seachtaine seo caite bhí comórtas dornálaíochta i Madison Square Garden, Nua Eabhrac. Ag comórtas dornálaíochta bíonn a lán troideanna ann agus críochnaíonn an comórtas leis an bpríomhthroid.

Den chéad uair riamh, bhí beirt bhean sa phríomhthroid: Katie Taylor agus Amanda Serrano. B'ócáid mhór í seo do mhná i gcúrsaí spóirt.

Cheap daoine go mbeadh an bua ag Serrano, agus bhí an-spéis sa chomórtas. D'fhéach 1.5 milliún duine ar an troid idir Taylor agus Serrano i dtíortha ar fud an domhain.

Ar deireadh, bhí an bua ag Katie Taylor, cé nach raibh na moltóirí ar comhintinn. Ó thosaigh Katie ag troid go gairmiúil, níor chaill sí fós.



Roblox ar ais arís!



An tseachtain seo caite, bhí fadhb le Roblox ar an suíomh, an aip agus ar an X-Box. Gach mí, bíonn 210 milliún duine ag imirt ar an gluiche ach bhí fadhb ag daoine logáil isteach ar an gcóras Dé Máirt.



Rinne níos mó ná 1000 duine gearán nuair nach raibh siad in ann logáil isteach. I mí na Samhna, bhí fadhb ag daoine logáil isteach agus mhair sé ar feadh 3 lá. An uair seo, bhí gach rud socraithe taobh istigh de lá amháin.

Bhí áthas ar dhaoine go raibh siad in ann logáil isteach arís agus go raibh siad in ann na cluichí a imirt.


Rud atá spésiúil faoi Roblox ná go gcruthaíonn na daoine a bhíonn ag imirt cluichí ar an ardán cluichí do dhaoine eile a bhíonn ag imirt air. Faoi láthair tá níos mó ná 20 milliún cluiche ar fáil ar Roblox.

Leagan Gaeilge de leabhar le David Walliams

Is údar Sasanach é David Walliams agus tá 26 leabhar do pháistí scríofa aige. Tá cáil air freisin mar mholtóir ar Britain's Got Talent.

Is aistritheoir í Máirín Ní Mhárta agus thosaigh sí ag aistriú leabhar do pháistí go Gaeilge sa bhliain 2011. Le déanaí d'aistrigh sí leabhar le Walliams go Gaeilge, agus tá *Buachail an Ghúna* i gcló anois.

Is é Quentin Blake an maisitheoir ar an leagan Béarla agus Gaeilge den leabhar. Rinne sé an maisiú ar leabhair Roald Dahl chomh maith.



Roinn Froebel don Bhun- agus Luath-
Oideachas, Ollscoil Mhá Nuad,



Coláiste Mhuire,
BÁC 7

An Chomhairle um Oideachas
Gaeilchta & Gaelscoláochta

